**Ordú na Cúirte (an tOchtú dlísheomra) an 30 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Relação de Lisboa – an Phortaingéil) – Orbest, SA v CS, QN, OP agus Eile**

**(Cás C-659/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Iompar eitlíochta – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu – Airteagal 5(3) – Díolúine ó chúram an chúitimh – An coincheap "imthosca eisceachtúla" – Cliseadh teicniúil an eitleáin toisc gur bhuail feithicil lónadóireachta le triú páirtí faoin eitleán sin agus é páirceáilte ag an aerfort)***

(2022/C 198/20)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal da Relação de Lisboa

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Orbest, SA

*Cosantóirí:* CS, QN, OP agus Eile

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 5(3) Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91, a léirmhíniú amhail is go bhféadfar cliseadh teicniúil eitleáin a thárla toisc gur bhuail feithicil lónadóireachta le triú páirtí faoin eitleán sin agus é páirceáilte ag an aerfort a chuimsiú le raon feidhme na choincheapa "imthosca eisceachtúla", de réir bhrí na forála sin.

---

([1]) A taisceadh an 2.11.2021

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó: Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 29 Meán Fómhair 2021 – XN v Oifigeach póilíneachta ag 2 RU SDVR**

**(Cás C-608/21)**

(2022/C 198/21)

*Teanga an cháis: an Bulgárach*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Achomharc arna thabhairt an 2 Nollaig 2021 ag Marina Yachting Brand Management Co. Ltd i gcoinne Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a fógraíodh an 22 Meán Fómhair 2021 i gCás T-169/20, Marina Yachting Brand Management v EUIPO – Industries Sportswear**

**(Cás C-743/21 P)**

(2022/C 198/22)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Marina Yachting Brand Management Co. Ltd (ionadaithe: A. von Mühlendahl, C. Eckhartt, P. Böhner, Rechtsanwälte)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Industries Sportswear Co. Srl

Le hordú an 31/03/2022, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais (Dlísheomra ag cinneadh an nglacfar le hachomhairc) nach bhféadfar an t-achomharc a ghlacadh agus gur cheart do Marina Yachting Brand Management Co. Ltd a chostais féin a iompar.

---